AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.2.2025
COM(2025) 28 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2022 as Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 (maidir le dualgas fuireachais), Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle (maidir le coinníollacha oibre an-dian) agus Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 (maidir le sealobair)

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an úsáid a bhain na hinstitiúidí in 2022 as Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1945/2006 (maidir le dualgas fuireachais), Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle (maidir le coinníollacha oibre an-dian) agus Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle, arna leasú go deireanach le Rialachán Uimh. 1873/2006 (maidir le sealobair)

1. RÉAMHRÁ

Leis na Rialacháin ón gComhairle maidir le dualgas fuireachais (Uimh. 495/77) agus maidir le coinníollacha oibre an-dian (Uimh. 858/2004), ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle gach bliain maidir leis an líon oifigeach agus seirbhísigh eile, de réir catagóire, atá i dteideal na liúntas dá dtagraítear sna Rialacháin lena mbaineann, agus maidir leis an gcaiteachas iomlán gaolmhar.

Is leis an mbliain 2022 a bhaineann an tuarascáil seo agus is ar na figiúirí bliantúla deireanacha iomlána a bhí ar fáil le linn a dréachtaithe atá sí bunaithe. Cumhdaíonn sí na hinstitiúidí uile[1]. Ar mhaithe le hiomláine, tá faisnéis chomhchosúil inti faoi úsáid na sealoibre (Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle).

2. LIÚNTAS LE HAGHAIDH DUALGAS FUIREACHAIS

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas seo Airteagail 55 agus 56b den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 495/77 ón gComhairle an 8 Márta 1977, arna leasú.

Ní íoctar an liúntas ach amháin leis na hoifigigh agus leis na seirbhísigh eile a fhaigheann luach saothair ó leithreasuithe taighde agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:

-
  - bunaíocht de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), nó
  - gníomhaíochtaí indíreacha, nó
- a fhaigheann luach saothair ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - suiteálacha teicniúla a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu,
  - seirbhís sábháilteachta agus slándála,
  - seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC),
  - seirbhís tacaíochta de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES)/an Bheartais Eorpaigh Slándála agus Cosanta (BESC) nó socruithe comhordaithe éigeandála agus géarchéime, nó
  - sásra a bunaíodh chun tacú leis na Ballstáit 24/7 (‘BS 24/7’) faoi chuimsiú comhordaithe éigeandála agus géarchéime nó seirbhísí a gcruthaíodh ina leith gur gá cúraimí a chur i gcrích iontu chun sásra a ráthú ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit.

[1] De réir bhrí na Rialachán Foirne.

Is i bpointí a dhéantar an liúntas le haghaidh dualgas fuireachais a shloinneadh. Déantar an líon pointí a dheonaítear in aghaidh uair an chloig de dhualgas fuireachais iarbhír a leagan síos mar seo a leanas:

– dualgas fuireachais sa bhaile ar lá oibre: 2,15 phointe;
– dualgas fuireachais sa bhaile ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 4,3 phointe;
– dualgas fuireachais san áit oibre ar lá oibre: 11 phointe;
– dualgas fuireachais san áit oibre ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: 22 phointe.

Is fiú 0,032 % den bhuntuarastal oifigigh ar ghrád 1, céim 1, gach pointe (is é sin 1,05 euro in 2022).

Léiríonn na figiúirí seo a leanas líon na liúntas a dheonaigh gach institiúid in 2022.

2.1. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh)

Institiúid	AD	AST	AC				Iomlán
			Grúpa Feidhme I	Grúpa Feidhme II	Grúpa Feidhme III	Grúpa Feidhme IV	
An Pharlaimint	0	0	0	0	0	0	**0**
An Chomhairle	33	110	3	0	2	1	**149**
An Coimisiún	141	274	47	16	39	11	**528**
- ina measc JRC:	*48*	*76*	*18*	*0*	*4*	*7*	***153***
An Chúirt Bhreithiúnais	16	18	1	0	0	0	**35**
An Chúirt Iniúchóirí	0	3	17	0	0	0	**20**
CESE	0	2	0	0	1	0	**3**
CnaR	0	3	0	0	1	0	**4**
SEGS	12	7	0	0	0	1	**20**
Ombudsman	0	0	0	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	0	0	0	**0**
Iomlán	**202**	**417**	**68**	**16**	**43**	**13**	**759**

2.2. An líon tairbhithe de réir chineál an dualgais fuireachais

Institiúid	Sa bhaile	Sa bhaile agus san áit oibre	San áit oibre	Iomlán
An Pharlaimint	0	0	0	**0**
An Chomhairle	149	0	0	**149**
An Coimisiún	513	7	8	**528**
- ina measc JRC:	*140*	*5*	*8*	***153***
An Chúirt Bhreithiúnais	35	0	0	**35**
An Chúirt Iniúchóirí	20	0	0	**20**
CESE	0	3	0	**3**
CnaR	0	4	0	**4**
SEGS	20	0	0	**20**
Ombudsman	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	**0**
Iomlán	**737**	**14**	**8**	**759**

2.3. An líon tairbhithe de réir chineál na fostaíochta

Institiúid	JRC	Gníomhaí ochtaí indíreach a	Suiteálacha teicniúla	Sábháilt eacht/ Slándáil	TFC	CBES/ BECS	BS 2 4/7	Iomlán
An Pharlaimint	0	0	0	0	0	0	0	**0**
An Chomhairle	0	0	18	32	65	34	0	**149**
An Coimisiún	153	2	65	129	117	0	62	**528**
- ina measc JRC:	*153*	*0*	*0*	*0*	*0*	*0*	*0*	***153***
An Chúirt Bhreithiúnais	0	0	17	11	7	0	0	**35**
An Chúirt Iniúchóirí	0	0	0	20	0	0	0	**20**
CESE	0	0	0	3	0	0	0	**3**
CnaR	0	0	0	4	0	0	0	**4**
SEGS	0	0	0	5	7	8	0	**20**
Ombudsman	0	0	0	0	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Iomlán	**153**	**2**	**100**	**204**	**196**	**42**	**62**	**759**

3. LIÚNTAS LE HAGHAIDH COINNÍOLLACHA OIBRE AN-DIAN

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas seo Airteagal 56c den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004. Deonaítear an liúntas chun coinníollacha oibre an-dian a chúiteamh a bhaineann (i) le 'sábháilteacht phearsanta' (éadaí speisialta an-mhíchompordach a chaitheamh, cosaint pháirteach), (ii) leis an 'áit oibre' (spásanna cúnga, torannacha agus contúirteacha) agus (iii) leis an 'gcineál oibre' (e.g. substaintí creimneacha a láimhseáil nó a bheith ag obair le pléascáin)[2].

Is in aghaidh uair an chloig d'obair iarbhír a dheonaítear an liúntas agus is i bpointí a dhéantar é a shloinneadh. Deonaítear líonta éagsúla pointí, ó 2 phointe as meánleibhéil fuaime ar mó ná 85 dheicibeil é, cuir i gcás, go 50 pointe as culaith thine neamhspleách a bheith á caitheamh ag oifigeach. Is fiú 0,032 % den bhuntuarastal oifigigh ar ghrád 1, céim 1, gach pointe (is é sin 1,05 euro in 2022).

3.1. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh)

Institiúid	AD	AST	AC				Iomlán
			Grúpa Feidhme I	Grúpa Feidhme II	Grúpa Feidhme III	Grúpa Feidhme IV	
An Pharlaimint	0	0	0	0	0	0	**0**
An Chomhairle	0	0	0	0	0	0	**0**
An Coimisiún	23	107	15	2	5	12	**164**
- ina measc JRC:	*23*	*106*	*7*	*1*	*5*	*12*	***154***
An Chúirt Bhreithiúnais	0	0	0	0	0	0	**0**
An Chúirt Iniúchóirí	0	0	0	0	0	0	**0**
CESE	0	0	0	0	0	0	**0**
CnaR	0	0	0	0	0	0	**0**
SEGS	0	0	0	0	0	0	**0**
Ombudsman	0	0	0	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	0	0	0	**0**
Iomlán	**23**	**107**	**15**	**2**	**5**	**12**	**164**

[2] Airteagal 3 de Rialachán Uimh. 858/2004 ón gComhairle.

4. LIÚNTAS LE HAGHAIDH SEALOIBRE

Is é an bunús dlí atá leis an liúntas sin Airteagal 56a den Rialachán Foirne agus Rialachán Uimh. 300/76 ón gComhairle an 9 Feabhra 1976 arna leasú.

Ní íoctar an liúntas ach amháin leis na hoifigigh agus leis na seirbhísigh eile

- a fhaigheann luach saothair ó *leithreasuithe taighde* agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - bunaíocht de chuid JRC, nó
  - gníomhaíochtaí indíreacha, nó
- a fhaigheann luach saothair ó *leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí* agus a mbaineann a bpoist leo seo a leanas:
  - seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC),
  - seirbhís sábháilteachta agus slándála,
  - seirbhís lasc-chláir/faisnéise nó deasc fáiltithe,
  - seirbhís tacaíochta de chuid an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES)/an Bheartais Eorpaigh Slándála agus Cosanta (BESC) nó socruithe comhordaithe éigeandála agus géarchéime,
  - seirbhís a chuireann tacaíocht ar fáil faoi chuimsiú comhordaithe éigeandála agus géarchéime, nó
  - suiteálacha teicniúla a reáchtáil agus maoirseacht a dhéanamh orthu.

Léiríonn na figiúirí seo a leanas líon na liúntas a dheonaigh gach institiúid in 2022.

4.1. An líon tairbhithe (oifigigh/baill foirne shealadacha agus ar conradh)

Institiúid	AD	AST	AC				Iomlán
			Grúpa Feidhme I	Grúpa Feidhme II	Grúpa Feidhme III	Grúpa Feidhme IV	
An Pharlaimint	2	87	589	9	21	1	**709**
An Chomhairle	0	75	0	0	0	0	**75**
An Coimisiún	1	115	14	16	31	1	**178**
- ina measc JRC:	*0*	*15*	*10*	*0*	*4*	*0*	***29***
An Chúirt Bhreithiúnais	0	0	0	0	0	0	**0**
An Chúirt Iniúchóirí	0	1	16	0	0	0	**17**
CESE	0	2	0	0	1	0	**3**
CnaR	0	3	0	0	1	0	**4**
SEGS	0	36	1	0	0	0	**37**
Ombudsman	0	0	0	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	0	0	0	**0**
Iomlán	**3**	**319**	**620**	**25**	**54**	**2**	**1023**

Déantar foráil maidir le ceithre ráta dhifriúla den liúntas míosúil (figiúirí ó 2022):

– ráta 1: obair dhá sheal, seachas ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: EUR 471,12;
– ráta 2: obair dhá sheal, seal san oíche, ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire san áireamh: EUR 711,08;
– ráta 3: obair 24 uair an chloig, seachas ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire: EUR 777,48;
– ráta 4: 24 uair an chloig, 7 lá na seachtaine: EUR 1059,95.

4.2. Líon na dtairbhithe de réir ráta

Institiúid	Ráta 1	Ráta 2	Ráta 3	Ráta 4	Iomlán
	EUR 471,12	EUR 711,08	EUR 777,48	EUR 1059,95	
An Pharlaimint	82	329	0	298	**709**
An Chomhairle	33	0	0	42	**75**
An Coimisiún	17	0	9	152	**178**
- ina measc JRC:	*0*	*0*	*9*	*20*	***29***
An Chúirt Bhreithiúnais	0	0	0	0	**0**
An Chúirt Iniúchóirí	0	0	0	17	**17**
CESE	3	0	0	0	**3**
CnaR	4	0	0	0	**4**
SEGS	27	0	0	10	**37**
Ombudsman	0	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	0	**0**
Iomlán	**166**	**329**	**9**	**519**	**1023**

4.3. An líon tairbhithe de réir chineál na fostaíochta

Institiúid	JRC	Comh. géar/éig.	TFC	Sábháilteacht/ Slándáil	Lasc-chlár/Deasc fáiltithe	CBES/ BECS	Suiteálacha teicniúla	Gníomhaíochtaí indíreacha	Iomlán
An Pharlaimint	0	0	0	644	34	0	31	0	**709**
An Chomhairle	0	0	0	75	0	0	0	0	**75**
An Coimisiún	29	26	12	111	0	0	0	0	**178**
- ina measc JRC:	*29*	*0*	*0*	*0*	*0*	*0*	*0*	*0*	***29***
An Chúirt Bhreithiúnais	0	0	0	0	0	0	0	0	**0**
An Chúirt Iniúchóirí	0	0	0	17	0	0	0	0	**17**
CESE	0	0	0	3	0	0	0	0	**3**
CnaR	0	0	0	4	0	0	0	0	**4**

SEGS	0	0	17	10	0	10	0	0	**37**
Ombudsman	0	0	0	0	0	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	0	0	0	0	0	**0**
Iomlán	**29**	**26**	**29**	**864**	**34**	**10**	**31**	**0**	**1023**

5. SEIRBHÍSÍ LENA MBAINEANN AGUS CÚISEANNA

Is iad Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Iniúchóirí, an dá Choiste agus SEGS a bhaineann úsáid as an dualgas fuireachais agus/nó as an tsealobair agus a íocann liúntais dá bhforáiltear sa reachtaíocht.

Is é an Coimisiún an t-aon institiúid fós a íocann liúntais le haghaidh coinníollacha oibre an-dian. Íoctar na liúntais sin le tairbhithe a oibríonn ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde, ag an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB) agus in Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (DG ENER).

5.1. Na cúiseanna atá leis an dualgas fuireachais a úsáid

An Chomhairle: D'íoc an Chomhairle liúntais le haghaidh dualgas fuireachais le 149 mball foirne dá cuid in 2022 (98 in 2021). Bhí an méadú thart ar 50 % a tháinig ar na tairbhithe i ngeall ar thabhairt chun rialtachta seirbhíse dualgais fuireachais lena gcuimsítear suiteálacha teicniúla agus cruthú roinnt foirne suiteálacha teicniúla ionas gur féidir freagra a thabhairt ar fhreagairt láithreach arna hiarraidh sin d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí, go háirithe lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre, i ngeall ar an staid pholaitiúil chasta ó bhí mí Feabhra 2022 ann.

Is chun na réimsí seo a leanas a chumhdach atá an tseirbhís fuireachais i bhfeidhm: (i) Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), cosaint agus feidhmiú ceart na líonraí faisnéise agus cumarsáide a áirithiú; tacú le gníomhaíochtaí gan choinne na Comhairle Eorpaí, na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin; riachtanais phráinneacha na Comhairle Eorpaí, na Comhairle agus na hArdrúnaíochta a chumhdach, maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a bhainistiú; (ii) Seirbhísí Slándála agus Sábháilteachta chun freagairt gan mhoill d'aon chineál teagmhais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoireann na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle agus do ghníomhaíochtaí na hArdrúnaíochta, chomh maith le tacaíocht 24/7 a chur ar fáil d'oifigigh slándála ar misean; (iii) ráitis phráinneacha láithreacha a dhéanann Uachtaránacht rothlach na Comhairle agus Uachtarán na Comhairle Eorpaí faoi chuimsiú CBES/BECS a dhréachtú, a fhoilsiú ar an idirlíon agus a chraobhscaoileadh go pras agus tacaíocht (lóistíochta) a thabhairt do ghníomhaíochtaí Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus an Ardrúnaí faoi chuimsiú an bheartais eachtraigh; (iv) Suiteálacha Teicniúla, chun a chinntiú gur féidir leis na daoine sna foirgnimh a bheith ag obair i dtimpeallacht shábháilte, thaitneamhach agus chompordach agus go ndéantar na seomraí agus an trealamh teicniúil is gá a chothabháil i gceart.

In 2022, is sa bhaile amháin a cuireadh an dualgas fuireachais i gcrích.

An Coimisiún: In 2022, d'íoc an Coimisiún liúntais le haghaidh dualgas fuireachais le 528 mball foirne, sin ardú 11 %, nach mór, i gcomparáid le 2021 (476 thairbhí). Is é is príomhchúis leis an méadú sin 20 tairbhí agus 19 dtairbhí sa bhreis in AS HR agus AS ECHO faoi seach. Tháinig méadú ar an líon tairbhithe in AS HR i ngeall ar mhéadú ar an líon post a leithdháileadh don dlúthsheirbhís cosanta chun a ráthú go gcomhlíontar na ceanglais sláinte agus sábháilteachta agus go gcruthaítear dhá sheirbhís dualgais fuireachais nua. Soláthraíonn an chéad seirbhís dualgais fuireachais nua faireachas teicniúil chun bagairtí a eascraíonn ón spiaireacht a chosc agus a bhrath le linn cruinnithe íogaire ardleibhéil, agus tá an dara seirbhís ann chun oibríochtaí Chóras Cumarsáide agus Faisnéise (SUE) a chinntiú, córas lenar féidir Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh agus teagmhais a bhaineann leis an gcóras seo a láimhseáil. Tháinig méadú ar an líon tairbhithe in AS ECHO chun bheith in ann freastal ar an ualach oibre níos airde ag an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha tar éis an mhéadaithe ar fhreagrachtaí an Lárionaid agus tar éis an mhéadaithe ghinearálta ar an ualach oibre i ngeall ar fhorbairt an tírdhreacha éigeandála ina bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn.

Oibríonn beagnach 21 % de na tairbhithe (153) ag ceann d'Airmheáin Chomhpháirteacha Taighde an Choimisiúin. I bhformhór na gcásanna, is sa bhaile a chuirtear an dualgas fuireachais i gcrích ag an JRC, seachas an JRC in Ispra, áit a mbraitheann sé ar shainiúlacht na gcúraimí cé acu san áit oibre nó sa bhaile a dhéantar é. Is é OLAF an tArd-Stiúrthóireacht eile ina ndéantar dualgais ag an áit oibre nó sa bhaile. Déantar na seirbhísí dualgais fuireachais eile ag an gCoimisiún sa bhaile.

In Ard-Stiúrthóireachtaí eile an Choimisiúin, tháinig méadú beag ar an líon tairbhithe i gcás AS DIGIT (+ 6), i ngeall ar ionadaithe ar thairbhithe a d'fhág. Maidir leis na seirbhísí eile, is beag athrú a bhí ann i gcomparáid le 2021, nó ní raibh aon athrú ann.

An Chúirt Bhreithiúnais: D'íoc an Chúirt Bhreithiúnais liúntais le haghaidh seirbhísí fuireachais sa bhaile le 35 bhall foirne dá cuid in 2022 (27 in 2021). Tháinig méadú ar an líon tairbhithe nuair a cruthaíodh seirbhís dualgais fuireachais nua lena gcumhdaítear an réimse TFC, toisc gur nochtadh leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta rioscaí méadaithe maidir le cibirionsaithe, rud a éilíonn faireachán speisialta. Is sa Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus um Shlándáil in Ard-Stiúrthóireacht an Riaracháin atá na tairbhithe eile ag obair. Tá na hionaid ina bhfuil na tairbhithe ag obair freagrach as tionscadail forbartha na Cúirte, as bainistíocht na bhfoirgneamh agus as an tslándáil.

An Chúirt Iniúchóirí: De réir amchlár míosúil na seirbhíse Slándála agus Sábháilteachta, b'éigean do 20 ball foirne dul i mbun dualgais fuireachais sa bhaile in 2022 (19 in 2021). Déanann siad slándáil na bhfoirgneamh agus na ndaoine atá iontu a chinntiú gan stad ó cheann ceann na bliana.

CESE-CnaR: Tá socruithe comhroinnte le haghaidh dualgas fuireachais ag CESE agus CnaR laistigh den tseirbhís slándála, chun a chinntiú go mbeidh foireann slándála ar fáil agus faoi réir chun freagairt do theagmhais aon uair a theastaíonn sé le linn don institiúid a bheith dúnta. In 2022, rinne trí bhall foirne CESE (2 in 2021) agus ceithre bhall foirne CnaR (mar an gcéanna le 2021) an tseirbhís fuireachais (sa bhaile agus san áit oibre).

SEGS: D'íoc SEGS liúntais maidir le dualgas fuireachais le 20 ball foirne in 2022 (22 bhall foirne in 2021).

Cumhdaíonn na seirbhísí fuireachais in EEAS trí réimse oibre: (i) seirbhísí slándála, chun cosaint de lá agus d'oíche a sholáthar d'fhoireann SEGS, do chuairteoirí, d'áitreabh agus do réadmhaoin sa Bhruiséil agus chun faisnéis rúnaicmithe a chosaint ag an gCeanncheathrú; (ii) tacaíocht a thabhairt don CBES/CBSC trí fhaireachán a dhéanamh ar imeachtaí ar fud an domhain 24/7, freagairt do ghéarchéimeanna, teagmhais, imeachtaí criticiúla, cásanna nó éigeandálaí sonracha, tacaíocht a chur ar fáil don Ardionadaí agus do ghníomhaithe an Aontais, cruinnithe géarchéime SEGS a éascú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus tacaíocht a thabhairt d'Acmhainní Daonna agus don Ardrúnaí ina gcúraimí oibríochtúla chun leas slándála fíor-riachtanach an Aontais agus a Bhallstáit a chosaint, i gcás bagairt ar chóras Galileo nó tríd; (iii) an tseirbhís teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide trí COMCEN (an Lárionad Cumarsáide) a sholáthraíonn seirbhísí chun faisnéis rúnaicmithe a tharchur chuig baill foirne SEGS, agus é ag soláthar seirbhísí d'Ardrúnaíocht na Comhairle maidir le bainistiú oibríochtúil mhol Lárchóras Cortesy agus Pointe Láithreachta Cortesy, agus tríd an gclárlann Lárnach FRAE lena gcinntítear clárú doiciméid C-UE/EU-C agus S-UE/EU-s.

5.2. Na cúiseanna atá leis an liúntas le haghaidh coinníollacha oibre an-dian a úsáid

An Coimisiún: Faoi mar a tharla in 2021, is é an Coimisiún an t-aon institiúid amháin a d'íoc an liúntas sin in 2022. Tugadh liúntais d'fhoireann atá ag obair do sheirbhís atáirgthe na hOifige um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB), agus do AS ENER le haghaidh cigireachtaí ar shuiteálacha ag suíomhanna núicléacha, agus don JRC. Fuair 164 thairbhí ar an iomlán an liúntas in 2022 (165 in 2021). Dá bhrí sin, d'fhan an líon tairbhithe réasúnta seasta.

In 2022, rinneadh líon iomlán uaireanta an chloig a oibríodh faoi choinníollacha an-dian a chur i gcatagóirí mar a leanas:

- 32 752,00 uair an chloig (23 565,25 in 2021) a bhain leis an tsábháilteacht phearsanta (e.g. éadaí speisialta atá an-mhíchompordach a chaitheamh atá riachtanach don chosaint);
- 61 073,75 uair an chloig (39 351,35 in 2021) a bhain leis an áit oibre (e.g. leibhéal ard torainn, spásanna contúirteacha);
- 5 522,13 uair an chloig (4 819,58 in 2021) a bhain leis an gcineál oibre (e.g. substaintí creimneacha a láimhseáil);
- 0 uair an chloig (148,25 in 2021) a bhain le sábháilteacht an duine aonair agus leis an áit oibre.

Tháinig méadú ar an líon uaireanta i gcomparáid le 2021, mar gheall ar athoscailt shaotharlanna JRC i ndiaidh ghéarchéim sláinte COVID-19. Níor fhill na gníomhaíochtaí, áfach, ar an leibhéal céanna a bhí ann roimh ghéarchéim shláinte COVID-19.

5.3. Na cúiseanna atá leis an tsealobair a úsáid

Parlaimint na hEorpa: In 2022, d'íoc Parlaimint na hEorpa liúntais le haghaidh sealoibre chun an méid seo a leanas a chumhdach: (i) seirbhísí slándála agus sábháilteachta sna 3 shuíomh atá aici sa Bhruiséil, in Strasbourg agus i Lucsamburg; (ii) seirbhísí a bhain le fáiltiú, slándáil agus rialú cuairteoirí (Parlamentarium, Áras Stair na hEorpa agus Teach Jean

Monnet, Lárionad Spóirt) agus cumarsáid tríd an lasc-chlár, a thairgeann seirbhísí éagsúla i roinnt teangacha, cuir i gcás glaonna isteach agus amach a aistriú, sonraí teagmhála a sholáthar (uimhreacha teileafóin agus facs, seoltaí ríomhphoist agus oifige), eolas maidir le cruinnithe agus foirgnimh Pharlaimint na hEorpa; (iii) seirbhísí suiteála teicniúla chun soláthraithe seirbhíse cothabhála seachtraí a mhaoirsiú agus a chomhordú, go háirithe lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus páirt a ghlacadh i gcothabháil cineál áirithe faisnéise íogaire, cuir i gcás pleananna na Parlaiminte.

Cuirtear na seirbhísí seo a leanas i bhfeidhm: obair dhá sheal (ráta 1), obair dhá sheal agus seal san oíche, ag an deireadh seachtaine agus ar lá saoire (ráta 2) agus seirbhís 24 uair an chloig (ráta 4) san áireamh. Tháinig méadú suntasach ar an líon tairbhithe in 2022 (709 i gcomparáid le 627 in 2021). Is é is cúis leis an méadú 13 % sin inmheánú a dhéanamh ar shlándáil i Lucsamburg.

An Chomhairle: Tá córas sealoibre i bhfeidhm ag an gComhairle chun leanúnachas na seirbhísí atá freagrach as sábháilteacht agus slándáil foirgneamh agus daoine i bhfoirgnimh na Comhairle a chinntiú. Is beag athrú a tháinig ar an líon tairbhithe (- 4) i gcomparáid le 2021 (75 i gcomparáid le 79 in 2021). Thairis sin, i ndiaidh atheagrú, d'athraigh 8 dtairbhí ó shealobair faoi rátáil 4 go rátáil 1 ar 30 Bealtaine 2022. Cuimsítear na tairbhithe sin sa líon tairbhithe (33) faoi rátáil 1.

An Coimisiún: Laistigh den Choimisiún, úsáideann AS HR (roinn sábháilteachta agus slándála), an JRC (ar chúiseanna a bhaineann le cineál na ngníomhaíochtaí) agus AS ECHO (tacaíocht le haghaidh comhordú éigeandála agus géarchéime) seirbhísí sealoibre den chuid is mó (103 thairbhí, 29 dtairbhí agus 26 thairbhí faoi seach in 2022). I gcomparáid le 2021, bhí méadú ar na tairbhithe i ngach ceann de na trí sheirbhís sin. Sa JRC, tháinig méadú ar na tairbhithe le 2 thairbhí. Cuireadh 4 thairbhí bhreise leis an líon tairbhithe in AS ECHO chun bheith in ann freastal ar an ualach oibre níos airde ag an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha tar éis an mhéadaithe ar fhreagrachtaí an Lárionaid agus tar éis an mhéadaithe ghinearálta ar an ualach oibre i ngeall ar fhorbairt an tírdhreacha éigeandála ina bhfuil rioscaí nua ag teacht chun cinn. In AS HR, bhí 21 thairbhí breise, i ngeall ar an méadú ar an líon post a leithdháileadh don dlúthsheirbhís cosanta chun a ráthú go gcomhlíontar na ceanglais sláinte agus sábháilteachta agus go gcruthaítear seirbhís sealoibre nua chun a chinntiú go bhfuil oifigigh slándála armtha tí ar an láthair.

Murab amhlaidh le 2021, in 2022, bhí sealobair ar bun in dhá Ard-Stiúrthóireacht eile freisin, sna réimsí seo a leanas:

- Slándáil agus cosc: 8 (OIL);
- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide: 12 (AS COMM; 14 in 2021);

Cuirtear rátaí 1, 3 agus 4 i bhfeidhm sa Choimisiún, agus ráta 4 (seirbhís leanúnach) á húsáid go príomha sna seirbhísí a bhaineann le slándáil, an JRC agus comhordú éigeandála agus géarchéime.

An Chúirt Iniúchóirí: Faoi mar a thuairiscigh an Chúirt Iniúchóirí, níor baineadh úsáid as an tsealobair ach sa Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Airgeadais agus Seirbhísí Ginearálta in 2022 chun sábháilteacht na bhfoirgneamh agus na ndaoine a bhí iontu a chinntiú. Is seirbhís 24 uair an chloig é (ráta 4) agus 17 bhfaighteoir a bhí i gceist (an líon céanna le 2021).

CESE-CnaR: Tá socruithe comhroinnte sealoibre ag CESE agus CoR chun freastal ar an éileamh atá ann go mbeadh an tseirbhís slándála i láthair go leanúnach. D'íoc an CESE as liúntais do thrí thairbhí (rátáil 1; dhá thairbhí in 2021) agus CnaR do cheithre thairbhí (rátáil 1; mar an gcéanna le 2021).

SEGS: In 2022, d'íoc SEGS liúntais sealoibre le 37 dtairbhí (32 in 2021) chun cosaint lá agus d'oíche a sholáthar d'fhoireann, cuairteoirí, áitreabh agus sócmhainní fisiceacha SEGS sa Bhruiséil, chun faireacháin laethúil, measúnú agus rabhadh a chinntiú maidir le mórócáidí polaitiúla nó cásanna polaitiúla ar bhonn 24/7, agus chun seirbhísí a chur ar fáil chun faisnéis rúnaicmithe a tharchur d'fhoireann uile SEGS, agus le Toscaireachtaí agus le hArd-Rúnaíocht na Comhairle san áireamh. Is é is cúis leis an difríocht laghdú aon tairbhí amháin sa tseirbhís lena gcinntítear faireachán agus measúnú laethúil ar imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach ó thaobh na polaitíochta de, agus méadú 6 thairbhí sa tseirbhís lena ndéantar faisnéis rúnaicmithe a tharchur, agus leis sin líontar na poist a bhí folamh don chuid is mó de 2021 agus cumhdaítear freagrachtaí breise ó 2022 i leith. Tá ráta 1 agus 4 araon infheidhme ag an EEAS.

6. CAITEACHAS BUISÉADACH DE RÉIR INSTITIÚIDE AGUS LIÚNTAIS (IN EUR)

Institiúid	Dualgas fuireachais	Coinníollacha oibre an-dian	Sealobair	Iomlán
An Pharlaimint	0	0	6 373 552,80	6 373 552,80
An Chomhairle	434 822	0	692 588	1 127 410,00
An Coimisiún	1 768 721,89	456 738,14	1 794 552,57	**4 020 012,60**
- ina measc JRC:	*702 747,57*	*430 712,21*	*251 958,66*	**1 385 418,44**
An Chúirt Bhreithiúnais	60 751,56	0	0	60 751,56
An Chúirt Iniúchóirí	31 454,18	0	198 869,01	230 323,19
CESE	8 504,49	0	9 650,04	18 154,53
CnaR	11 077,98	0	20 242,32	31 320,30
SEGS	79 127,44	0	246 219,52	325 346,96
Ombudsman	0	0	0	**0**
MECS	0	0	0	**0**
Iomlán	**2 394 459,54**	**456 738,14**	**9 335 674,26**	**12 186 871,94**

Caitheadh EUR **12 186 871,94** (EUR **10 683 129,74** a bhí ann in 2021 mar chomparáid) ar na trí liúntas i ngach ceann de na hinstitiúidí Eorpacha in 2022.

Is é is príomhchúis leis an méadú ar an gcaiteachas iomlán i gcomparáid le 2021 méadú ar chaiteachas ar liúntais le haghaidh sealoibre (EUR 8 223 692,75 in 2021), a eascraíonn as méadú ar thairbhithe liúntas sealoibre i bParlaimint na hEorpa (ó 627 go 709) agus sa Choimisiún (ó 153 go 178).

Tháinig méadú beag ar an liúntas le haghaidh dualgas fuireachais freisin (EUR 2 197 325,09 in 2021), agus sin mar gheall ar an méadú ar thairbhithe an liúntais ag an gComhairle (ó 98 go 149) agus ag an gCoimisiún (ó 476 go 528) den chuid is mó.

Ina theannta sin, toisc gur athosclaíodh diaidh ar dhiaidh na saotharlanna JRC tar éis iad a bheith dúnta le linn ghéarchéim sláinte COVID-19, tháinig méadú ar an líon uaireanta a oibríodh faoi choinníollacha oibre an-dian, agus mar thoradh air sin tháinig méadú beagnach 75 % ar chaiteachas le haghaidh an liúntais seo i comparáid le 2021 (EUR 262 111,90 in 2021).